2025/1259

26.6.2025

CINNEADH (AE) 2025/1259 ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Meitheamh 2025

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choimisiún arna bhunú leis an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh ag an 28ú cruinniú den Choimisiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de, i gcomhar le h Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Coinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh [1] ('an Coinbhinsiún') i gcrích trí bhíthin Chinneadh 98/249/CE ón gComhairle [2], agus tháinig sé i bhfeidhm an 25 Márta 1998.

(2) De bhun Airteagal 10(3) den Choinbhinsiún, féadfaidh an Coimisiún arna bhunú le hAirteagal 10(1) den Choinbhinsiún ('Coimisiún OSPAR') cinntí agus moltaí a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13 den Choinbhinsiún.

(3) Le linn an 28ú cruinniú de Choimisiún OSPAR, tá an Coimisiún le cinntí a ghlacadh maidir le srian a chur le táirgí áirithe chun sceitheadh plaistigh sa mhuirthimpeallacht a chosc, agus maidir le bainistiú uisce sceite ó chórais glantacháin gáis sceite atá suiteáilte ar bord long.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoimisiún OSPAR a bhunú, ós rud é go gcruthóidh na bearta atá le glacadh ag Coimisiún OSPAR éifeachtaí dlíthiúla de réir bhrí Airteagal 218(9) den Chonradh.

(5) Is é an seasamh ba cheart a bheith ag an Aontas vótáil i bhfabhar na mbeart sin ó Choimisiún OSPAR toisc go n-éascófar leo cur chun feidhme bheartais agus reachtaíocht an Aontais, cuirfear cosc ar dhamáiste don mhuirthimpeallacht agus don bhithéagsúlacht mhuirí agus cuirfear feabhas ar chosaint na muirthimpeallachta agus na bithéagsúlachta muirí.

(6) Maidir leis an gCinneadh seo, ina leagtar amach an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, baineann sé le hábhair a thagann faoi inniúlacht an Aontais a mhéid a d'fhéadfaidís difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna dhlí an Aontais nó a raon feidhme a athrú. I réimse na n-inniúlachtaí comhroinnte, coinníonn na Ballstáit a n-inniúlacht a mhéid nach ndéantar difear do rialacha comhchoiteanna dhlí an Aontais leis an gCoinbhinsiún ná nach n-athraítear a raon feidhme leis,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 28ú cruinniú den Choimisiún arna bhunú le hAirteagal 10 den Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh ('Coimisiún OSPAR'), tacú le glacadh na mbeart seo a leanas:

— an Cinneadh maidir le srian a chur le táirgí áirithe chun sceitheadh plaistigh sa mhuirthimpeallacht a chosc;

— an Cinneadh, nó an Cinneadh agus an Moladh, maidir le bainistiú uisce sceite ó chórais glantacháin gáis sceite atá suiteáilte ar bord long.

[1] IO L 104, 3.4.1998, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/1998/249/2000-05-19.
[2] Cinneadh 98/249/CE ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 1997 i ndáil le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh (IO L 104, 3.4.1998, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1998/249/oj).

Airteagal 2

I bhfianaise na bhforbairtí ag an 28ú cruinniú de Choimisiún OSPAR, féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit le linn cruinnithe comhordaithe ar an láthair, mionchoigeartú a chomhaontú ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, gan aon chinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 19 Meitheamh 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. DZIEMIANOWICZ-BĄK